Iris Oifigiúil
an Aontais Eorpaigh

GA
Sraith C

C/2025/4720

8.9.2025

**Breithiúnas na Cúirte Breithiúnais (an Ceathrú Dlísheomra) an 10 Iúil 2025 (iarraidh ar réamhrialú ón Državna revizijska komisija za revizijo postopkov oddaje javnih naročil – an tSlóivéin) – Farmacija, d.o.o.v Občina Benedikt**

**(Cás C-715/23 (1), Farmacija)**

***(Tarchur chun réamhrialú – Nósanna imeachta maidir le conarthaí lamháltais a dhámhachtain – Treoir 2014/23/AE – Airteagal 4(2) – Seirbhísí leasa ghinearálta neamheacnamaíocha – Airteagal 19 – Seirbhísí sóisialta agus seirbhísí sonracha eile – Raon feidhme na bhforálacha sin – Gníomhaíocht chun cógaslann a oibriú)***

(C/2025/4720)

*Teanga an cháis: an tSlóivéinis*

**An chúirt a rinne an tarchur**

Državna revizijska komisija za revizijo postopkov oddaje javnih naročil

**Páirtithe sna príomhimeachtaí**

*Iarratasóir:* Farmacija, d.o.o.

*Cosantóir:* Občina Benedikt

*tríú páirtí:* MN

**An chuid oibríochtúil**

1) Maidir le hAirteagal 4(2) de Threoir 2014/23/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Feabhra 2014 maidir le conarthaí lamháltais a dhámhachtain,

ní mór léiriú a dhéanamh mar seo a leanas:

ní thagann an ghníomhaíocht a bhaineann le cógaslann a oibriú, arb é atá sa chuid bhunriachtanach di soláthar, ar luach saothair, táirgí íocshláinte lena n-úsáid ag an duine, bídís faoi réir oidis leighis nó ná bídís, agus soláthar comhairle maidir le húsáid cheart agus shábháilte na dtáirgí íocshláinte sin, faoin gcoincheap 'seirbhísí leasa ghinearálta neamheacnamaíocha' dá dtagraítear san fhoráil sin.

2) Maidir le hAirteagal 19 de Threoir 2014/23

ní mór léiriú a dhéanamh mar seo a leanas:

tagann an ghníomhaíocht arb é atá ann cógaslann a oibriú, arb é an chuid fhíor-riachtanach di táirgí íocshláinte lena n-úsáid ag an duine a sholáthar, ar luach saothair, cibé acu atá siad faoi réir oidis leighis nó nach bhfuil, agus comhairle a sholáthar maidir le húsáid cheart agus shábháilte na dtáirgí íocshláinte sin, faoin gcoincheap 'seirbhísí sóisialta agus seirbhísí sonracha eile' dá dtagraítear in Airteagal 19.

(1) IO C, C/2024/1086.